TREOIRLÍNTE AR ÚSÁID

INGHLACTHA RÍOMHAIRÍ LEABHARLAINNE

RÉAMHRÁ

Is tionscnamh Rialtais Líonra an Phobail ar aidhm dó a chinntiú go bhfuil go leor ríomhairí agus foireann oilte lena chois i ngach leabharlann phoiblí sa Ríocht Aontaithe le cuidiú le custaiméirí úsáid a bhaint as ríomhairí agus teacht ar eolas leictreonach. Éascóidh agus spreagfaidh Líonra an Phobail fosta cláir le hábhar priontáilte a dhigitiú m.sh. grianghraif staire áitiúla agus caipéisí a bhfuil spéis iontu go náisiúnta nó go háitiúil, lena chinntiú go bhfuil ábhar ardchaighdeáin ar fáil ar an Líonra.

Sa chomhthéacs seo, bunaíodh an Tionscadal Leabharlann Leictreonach do Thuaisceart Éireann (LLdTE) le córais láidre a sholáthar, ar son na gcúig mBord Oideachais agus Leabharlainne agus le tacaíocht ón Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, a thacóidh le agus a chumasóidh soláthar chórais eolais leictreonaigh do Phobal Thuaisceart Éireann. Cuirfidh seo ar chumas na mBord seirbhís leabharlainne poiblí agus eolais a sholáthar atá cuimsitheach ón taobh sóisialta de, éifeachtúil ó thaobh costas, éifeachtach agus nua-aimseartha.

I 1999 cheadaigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Oideachas a bhí, go rachfaí ar aghaidh leis an bheart soláthair de réir socruithe don Tionscnamh Airgeadais Phríobháidigh (TAP) a ligeann don earnáil phríobháideach a bheith rannpháirteach i soláthar seirbhísí poiblí. Faoi shocrú den chineál seo áiríonn na Boird an t-aschur atá de dhíth ón chóras agus na leibhéil seirbhíse a chaithfear a sholáthar, agus glacann an earnáil phríobháideach freagracht orthu féin as trealamh ríomhaire, líonraí cumarsáide agus seirbhísí a sholáthar. Bheadh soláthraí príobháideach freagrach fosta as foireann leabharlainne a oiliúint sa dóigh le húsáid a bhaint as córais agus as trealamh ríomhaire a chothabháil agus a dheisiú agus as trealamh a athnuachan lena choinneáil cos ar cois le dul chun cinn sa teicneolaíocht. D'íocfadh na Boird táille bliantúil ar son na seirbhíse seo mar chuid de chomhaontú conarthach a bhfuilthear ag súil a bheidh i bhfeidhm ar feadh thréimhse dheich mbliana.

NA HÁISEANNA NUA

Comhlánóidh agus feabhsóidh an Tionscadal LLdTE seirbhísí traidisiúnta atá ann trí nasc a chruthú idir gach leabharlann phoiblí i dTuaisceart Éireann; cuirfidh seo ar chumas gach úsáideoir leabharlainne:

- leabhar atá i leabharlann ar bith idTuaisceart Éireann a iarraidh agus soláthrófar an leabhar dá leabharlann áitiúil;
- iasachtaí a athnuachan ar thairseach gréasáin na leabharlann www.ni-libraries.net
- teagmháil a dhéanamh le do leabharlann áitiúil ar r-phost
- clár ni-libraries.net a chuartú ón bhaile, ón áit oibre nó ón leabharlann
- teacht a bheith acu ar An Gréasán Domhanda ina leabharlann áitiúil;
- teacht a bheith acu ar eolas ar dhlúthdhioscaí cuimhne inléite amháin ina leabharlann áitiúil;
- teacht a bheith acu ar bhogearraí oifige mar phróiseáil focal ina leabharlann áitiúil;
- teacht a bheith acu ar an réimse chéanna áiseanna leabharlainne i ngach leabharlann phoiblí i dTuaisceart Éireann ar neamhchead dá méid nó dá suíomh; agus
- teacht ar sheirbhísí agus eolas leabharlainne a cheadú i gcónaí tríd An Gréasán Domhanda.

Treoirlínte do Dhaoine Fásta ar Úsáid Inghlactha RÍOMHAIRÍ LEABHARLAINNE

Sa chuid seo de na treoirlínte leagtar amach na coinníollacha ar a gceadaítear do dhaoine fásta (daoine atá 16 bliana nó níos mó) úsáid a bhaint as ríomhairí leabharlainne.

Tá úsáid ríomhairí saor in aisce do bhaill leabharlainne. Murar ball leabharlainne thú, iarrthar ort comhartha aitheantais a thaispeáint agus íoc as úsáid an Idirlín. Más mian leat a bheith i do bhall den leabharlann, iarr cuidiú ar bhall foirne, le do thoil, nó comhlánaigh an fhoirm chláraithe ar líne ar www.ni-libraries.net agus tabhair chuig do leabharlann áitiúil í.

Nuair a dhéanfar ball leabharlainne díot gheobhaidh tú Uimhir Aitheantais Phearsanta. Beidh d'UAP de dhíth ort sa leabharlann le teacht a bheith agat ar ár ríomhairí. Beidh d'UAP de dhíth ort sa bhaile le húsáid a bhaint as ár n-áiseanna leabharlainne ar líne, agus le leabhair a iarraidh agus a athnuachan.

Féadann foireann na leabharlainne iarraidh ort do chárta leabharlainne a thaispeáint am ar bith; cuimhnigh, mar sin de, ar é a thabhairt leat ar gach cuairt.

Bainfear táille bheag amach ar phriontáil agus ar cheannacht dioscaí bána.

Coinneoidh bogearraí ár gcórais loga den úsáid a bhaintear as ríomhairí go huathoibríoch agus gach suíomh Idirlín a sroicheadh san áireamh, agus coinnímid de cheart againn féin amharc ar an loga seo.
Is cóir fios a bheith agat gur féidir go dtiocfaidh tú ar ábhar ar gránna leat é. Iarrtar ort a bheith faichilleach ar eolas a dtiocfaidh tú air ar an Idirlíon.

Tá suímh ar an Idirlíon a sháraíonn an reachtaíocht atá ann m.sh. suímh a bhaineann le péidifilia agus cuirfimid cosc ar theacht ar a leithéid de shuímh.

Beidh foireann ar fáil le tacaíocht a thabhairt duit agus tú ag baint úsáid as gach seirbhís leictreonach.

CEADAITHE

Is ceadaithe duit úsáid a bhaint as:

- Clár leabharlainne
- Taiscéalaí Idirlín le teacht ar An Gréasán Domhanda
- R-phost bunaithe ar an ghréasán
- Cláir Fheasachán
- Seomraí Comhrá
- Cur Teachtaireachtaí
- Cláir Microsoft Office agus bogearraí phróiseáil focal, scarbhileoige, bhunachar sonraí agus chur i láthair san áireamh.
- WinZip
- Comhaid PDF

Is féidir leat fosta:

- Ábhar a shábháil go dioscaí boga agus laomphinn/bataí cuimhne. Ní ghlacaimid freagracht ar bith orainn féin as damáiste a dhéantar nó as obair a chaillteár de bharr teipe ar ár gcóras cibé is cúis léi.
- Scanadh
- Priontáil

NEAMHCHEADAITHE

Ní ceadaithe duit úsáid a bhaint as prótacal Telnet.

Níl cead agat ábhar a shábháil go tiomántán crua an ríomhaire.

Caithfidh tú gan dochar a dhéanamh don trealamh ná féacháil le slándáil an chórais a shárú.

Caithfidh tú gan an t-ábhar ar ríomhaire ar bith a mhionathrú, agus seo á dhéanamh agat:
- Dochar a dhéanamh d'fheidhmiú ríomhaire ar bith
- Cosc nó bac a chur le clár ar bith nó le sonraí ar bith atá ar an ríomhaire
- Dochar a dhéanamh d'fheidhmiú a leithéid de chlár nó d'iontaofacht a leithéid de shonraí.

Ní héigean go ndíreofar an rún ar:
- Ríomhaire ar bith ar leith
- Clár nó sonraí ar bith ar leith nó clár nó sonraí de chineál ar bith ar leith
- Mionathrú ar bith ar leith nó mionathrú de chineál ar bith ar leith

I dtaca leis an chuid seo de, is cuma cé acu atá, nó a bhfuil rún go mbeadh, mionathrú neamhcheadaithe ar bith nó toradh ar bith de chineál atá luaite thuas a rabhthas ag súil leis uaidh, buan nó nach bhfuil ann ach go bhfuil sé sealadach.

Caithfidh tú gan bogearraí ar bith a íoslódáil chuig an ríomhaire ná cóipcheart nó ceadúnais bhogearraí a shárú.

Caithfidh tú gan úsáid a bhaint as an ríomhaire le:
- Ábhar ar bith ar ionann is pornagrafaíocht é, nó atá neamhdhleathach, pornagrafaíoch, graosta, péidifileach, ciníoch, maslach, clúmhillteach, foréigneach nó ar réasúnta a mheas go bhfuil sé déistineach, a rochtain, a bhreathnú, a thaispeáint, a chóipeáil, a chruthú, a stóráil, a tharchur nó a fhoilsiú.
- Fógraíocht gan iarraidh a chur nó trádáil.
- Féacháil le teacht neamhúdaraithe a bheith agat ar ríomhairí nó ar líonraí eile.
- Féacháil le víreas nó cláir bhradaíola a íoslódáil isteach sa chóras.

Níor chóir duit féacháil le trealamh pearsanta ar bith, diomaite de chluasáin agus laomphinn a cheangal den ríomhaire.

Má táthar in amhras ort faoi ghníomhartha neamhúdaraithe a dhéanamh, is féidir go gcuirfear deireadh le do sheisiún, go n-iarrfar ort an leabharlann a fhágáil agus go ndiúltófar rochtain duit ar bhonn buan nó sealadach. Más coir an gníomh faoin Computer Misuse Act 1990 nó faoi dhlí coiriúil eile, is féidir go gcuirfear an dlí ort.

Ní féidir caillteanais ar bith de bharr eolas rúnda airgeadais a chur tríd an Idirlíon a fhágáil ar an tSeirbhís Leabharlainne.

SEISIÚN RÍOMHAIREACHTA A CHUR IN ÁIRITHE

Is féidir le baill leabharlainne ríomhaire a chur in áirithe ar feadh uastréimhse 60 bomaite ag aon am amháin. Is féidir le daoine nach baill leabharlainne iad ríomhaire a chur in áirithe agus íoc lena úsáid ar feadh 30 bomaite ag aon am amháin.

Más mian leat úsáid a bhaint as an ríomhaire ar feadh tréimhse níos faide ná atá curtha in áirithe agat is féidir leat úsáid a bhaint as an chóras curtha in áirithe ar líne le do sheisiún a fhadú nó labhairt le ball foirne. Má tá ríomhairí nach bhfuil in úsáid agus nach bhfuil curtha in áirithe san am, is féidir leat tuilleadh seisiún a chur in áirithe. Má tá custaiméirí eile ag fanacht le húsáid a bhaint as na ríomhairí, is féidir go n-iarrfar ort do sheisiún a chríochnú taobh istigh d'am a chomaontófar.

Is féidir ríomhaire a chur in áirithe suas le seacht lá roimh ré ar an ghuthán, ar r-phost, ar théacsfón, ar chlóchaint nó go pearsanta i do rogha leabharlainne.

Munar ball leabharlainne thú, beidh agat le cruthú aitheantais a thaispeáint agus nótálfaidh ball foirne do shonraí le cur ar ár dtaifid. Taispeánfar duit cad é an ríomhaire a mbainfidh tú úsáid as.

Muna dtige tú in am is féidir go gcaillfidh tú do sheisiún.

TREOIRLÍNTE AR ÚSÁID RÍOMHAIRÍ

Níor chóir go mbeadh níos mó ná beirt ag ríomhaire ar bith san am chéanna.

Ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta, moltar nach gcaitheann tú níos mó ná uair a chloig ag teirminéal gan sos.

Ní cheadaítear bia ná deoch ag na ríomhairí in am ar bith.

Is féidir le gníomhaíochtaí áirithe ar líne (m.sh. imirt cluichí) iarmhairt diúltach a bheith acu ar an líonra i dtaca le seirbhísí eile a sholáthar de. Coinnímid de cheart againn féin teacht ar a leithéid de sheirbhísí a shrianadh.

Ag deireadh do sheisiúin logáil amach as gach feidhmchlár (agus íocóin íoslaghdaithe Idirlín san áireamh) le do thoil. Gabh chuig an cnaipe tosaithe ansin agus cliceáil ar logáil amach as riarthóir.

Cé go ndéanaimid gach iarracht lena chinntiú go mbíonn ár ríomhairí saor ó víreas, ní thig linn freagracht ar bith a ghlacadh orainn féin as damáiste ar bith a dhéantar nó as obair ar bith a chailltear de bharr teipe ar ár gcóras cibé is cúis léi.

Coinnigh d'UAP sábháilte, le do thoil. Ná tabhair do thicéad agus d'UAP ar iasacht do dhuine ar bith nó is féidir go bhfágfar úsáid neamhdhleathach ort. Ná bain úsáid as ticéad agus as UAP dhuine eile, nó iarrfar ort deireadh a chur le do sheisiún.

ÁISEANNA DO DHAOINE MÍCHUMASAITHE

Tá bealach isteach do chathaoireacha róthaí ag bunús gach leabharlann. Seiceáil le do leabharlann áitiúil le do thoil má tá tuilleadh eolais de dhíth ort faoi seo.

Tá trealamh oiriúnaitheach ag roinnt ríomhairí agus scáileáin thadhaill, sintéis cainte, formhéadú scáileáil, méarchláir mhóra agus rianliathróidí móra san áireamh. Is féidir léitheoirí Braille, printéirí agus aonaid TCI a chur ar fáil fosta ar iarratas.

Más mian leat ríomhaire (riachtanais bhreise) a chur in áirithe nó más mian leat socruithe pearsanta a dhéanamh le leabharlann roimh chuairt, déan teagmháil le do leabharlann áitiúil, le do thoil.

RÁITIS

Cuirimid fáilte roimh gach ráiteas ar ár seirbhísí agus féachaimid lena chinntiú go léiríonn ár seirbhísí riachtanais úsáideoirí. Más mian leat ráiteas a dhéanamh ar ár seirbhís is féidir leat foirm ráiteas, atá ar fáil i ngach leabharlann a chomhlánú nó teagmháil a dhéanamh linn mar a leanas:

Bord	**Guthán**	**R-phost**	**Facs**	**Téacsfón nó Clóchaint**
BOLBF	028 9050 9150	info.belb@ni-libraries.net	028 9033 2819	028 9050 9247 1800102890564000
BOLOT	028 2566 4100	info.neelb@ni-libraries.net	028 2563 2038	028 2566 2404
BOLOD	028 9756 6400	info.seelb@ni-libraries.net	028 9756 5072	1800102890566200
BOLD	028 3752 5353	info.selb@ni-libraries.net	028 3752 6879	028 3752 2558
BOLI	028 8224 4821	info.welb@ni-libraries.net	028 8224 6716	

Tá cóipeanna de na treoirlínte seo ar fáil i bhformáidí eile ar iarratas.

TREOIRLÍNTE AR ÚSÁID INGHLACTHA DO PHÁISTÍ

Sa chuid seo de na treoirlínte leagtar amach na coinníollacha faoinar féidir le páistí (daoine óga faoi 16 bliain d'aois) úsáid a bhaint as ríomhairí leabharlainne.

Is mór an chuideachta úsáid a bhaint as ríomhairí agus is foinse sármhaith eolais agus cluichí an tIdirlíon, ach caithfidh tú a bheith cúramach faoin dóigh a mbaineann tú úsáid astu. Inseofar duit sna leathanaigh seo cad é a thig leat a dhéanamh agus cad é nach dtig agus faoin dóigh ar féidir leat a bheith sábháilte ar an Ghréasán. Scagtar teacht ar shímh Idirlín.

CÉ A DTIG LEIS ÚSÁID A BHAINT AS NA RÍOMHAIRÍ

Is féidir le baill leabharlainne úsáid a bhaint as ríomhairí in aisce. Más mian leat a bheith i do bhall den leabharlann, iarr cuidiú ar bhall foirne le do thoil, nó comhlánaigh an fhoirm chláraithe ar líne ar www.ni-libraries,net agus tabhair chuig do leabharlann áitiúil í.

Nuair a dhéanfar ball leabharlainne díot gheobhaidh tú Uimhir Aitheantais Phearsanta. Beidh d'UAP de dhíth ort sa leabharlann le teacht a bheith agat ar ár ríomhairí. Beidh d'UAP de dhíth ort sa bhaile le húsáid a bhaint as ár n-áiseanna leabharlainne ar líne, agus le leabhair a iarraidh agus a athnuachain.

Má tá tú faoi 16 bliain d'aois, caithfidh do thuismitheoir nó do chaomhnóir na Treoirlínte ar Úsáid Ríomhairí Leabharlainne a léamh agus foirm chomhthoilithe a shíniú sula raibh cead agat úsáid a bhaint as an Idirlíon. Iarr mionsonraí ar an fhoireann. Cuimhnigh ar do chárta leabharlainne a thabhairt leat gach uair is mian leat úsáid a bhaint as ríomhaire. Is féidir go n-iarrfaidh foireann na leabharlainne do chárta leabharlainne a fheiceáil am ar bith.

Má tá tú faoi 8 mbliana d'aois ní bheidh cead agat úsáid a bhaint as an Idirlíon gan do thuismitheoir nó do chaomhnóir a bheith i do chuideachta. Caithfidh sé/sí fanacht agat agus tú ag baint úsáid as an Idirlíon.

CAD É ATÁ LE DÉANAMH AGAT

Níl le déanamh agat ach iarraidh ar do thuismitheoir nó do chaomhnóir foirm chomhthoilithe a shíniú. Tabhair d'ainm agus do sheoladh do bhall foirne agus cuirfidh siad foirm chomhthoilithe chuig do thuismitheoir nó do chaomhnóir sa phost.

RÍOMHAIRE A CHUR IN ÁIRITHE

Is féidir leat ríomhaire a chur in áirithe ar feadh suas le 60 bomaite sa lá.
Is féidir leat i gcónaí am breise a chur in áirithe ar an lá má tá ríomhairí fá réir.
Má tá custaiméirí eile ag fanacht le húsáid a bhaint as na ríomhairí, is féidir go n-iarrfar ort do sheisiún a chríochnú taobh istigh d'am a chomhaontófar.
Is féidir leat ríomhaire a chur in áirithe suas le seacht lá roimh ré.
Muna dtige tú in am is féidir go gcaillfidh tú do sheisiún.

CEADAITHE

Má tá foirm chomhthoilithe sínithe ag do thuismitheoir nó do chaomhnóir:

- Is féidir leat dul ar an Idirlíon agus teacht ar eolas a bheas ina chuidiú agat le d'obair bhaile, nó tamall spóirt a bheith agat go díreach.
- Is féidir leat úsáid a bhaint as r-phost bunaithe ar an ghréasán.
- Is féidir leat úsáid a bhaint as ríomhairí i gcomhair próiseáil focal, scarbhileogá agus bunachair sonraí a chruthú agus cuir i láthair agus taispeántais sleamhnán a dhéanamh.
- Is féidir leat do chomhaid a shábháil go dtí do dhioscaí boga nó do laomphinn/bataí cuimhne féin. Ní ghlacaimid freagracht ar bith orainn féin as damáiste a dhéantar nó as obair a chailltear de bharr teipe ar ár gcóras cibé is cúis léi.
- Is féidir leat priontáil ón Idirlíon nó ó do chomhaid féin. Baintear táille amach ar phriontáil.

NEAMHCHEADAITHE

Caithfidh tú gan:

- Úsáid a bhaint as seomraí comhrá, cláir fheasachán nó Telnet.
- Dochar a dhéanamh don trealamh nó féacháil le slándáil an chórais a shárú.
- Féacháil le trealamh pearsanta ar bith a cheangal den ríomhaire, diomaite de chluasáin agus laomphinn/bataí cuimhne.
- Úsáid a bhaint as r-phost le teachtaireachtaí maslacha, graosta, ciníocha nó bagracha a chur.
- Féacháil le socruithe an chórais a athrú.
- Ábhar ar bith ar ionann is pornagrafaíocht é, nó atá neamhdhleathach, pornagrafaíoch, graosta, péidifileach, ciníoch, maslach, clúmhillteach, foréigneach nó ar réasúnta a mheas go bhfuil sé déistineach, a rochtain, a bhreathnú, a thaispeáint, a chóipeáil, a chruthú, a stóráil, a tharchur nó a fhoilsiú.
- Fógraíocht gan iarraidh a chur nó trádáil.
- Féacháil le teacht neamhúdaraithe a bheith agat ar ríomhairí nó ar líonraí eile.
- Féacháil le víreas nó cláir bhradaíola a íoslódáil isteach sa chóras.
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar bith.
- A bhfuil ar ríomhaire ar bith a mhionathrú.
- Bogearraí ar bith a íoslódáil ar an ríomhaire.
- Cóipcheart nó ceadúnais bhogearraí a shárú.

Má dhéanann tú ceann ar bith acu seo, cuirfimid deireadh le do sheisiún ríomhaireachta agus iarrfaimid ort an leabharlann a fhágáil. Is féidir go gcuirfear cosc ort úsáid a bhaint as na ríomhairí go ceann seala. Coinnímid taifead den úsáid a dhéantar de ríomhairí agus gach suíomh Idirlín a shroictear san áireamh, agus bainfimid úsáid as an loga seo má táimid in amhras go bhfuil tú ag baint mí-úsáide as an tseirbhís.

TREOIRLÍNTE AR ÚSÁID RÍOMHAIRÍ

Molaimid nach gcaitheann tú níos mó ná uair a chloig ag ríomhaire gan sos.
Ná hith agus ná hól in aice na ríomhairí, le do thoil, agus tá brioscáin phrátaí, milseáin agus cannaí deochanna san áireamh anseo.
Ná bíodh ach beirt agaibh ag ríomhaire ar bith in am ar bith, le bhur dtoil.

Is féidir le gníomhaíochtaí áirithe ar líne (m.sh. imirt cluichí) iarmhairt a bheith acu ar an dóigh a soláthraíonn an líonra seirbhísí eile. Coinnímid de cheart againn féin na gníomhaíochtaí seo a shrianadh.
Ag deireadh do sheisiúin logáil amach as gach feidhmchlár (agus íocóin íoslaghdaithe Idirlín san áireamh) le do thoil. Gabh chuig an cnaipe tosaithe ansin agus cliceáil ar logáil amach as riarthóir.
Cé go ndéanaimid gach iarracht lena chinntiú go mbíonn ár ríomhairí saor ó víreas, ní thig linn freagracht ar bith a ghlacadh orainn féin as damáiste ar bith a dhéantar nó as obair ar bith a chaillteár de bharr teipe ar ár gcóras cibé is cúis léi.
Coinnigh d'UAP sábháilte, le do thoil. Ná tabhair do thicéad agus d'UAP ar iasacht do dhuine ar bith nó is féidir go bhfágfar úsáid neamhdhleathach ort. Ná bain úsáid as ticéad agus as UAP dhuine eile, nó iarrfar ort deireadh a chur le do sheisiún.

AN DÓIGH LE BHEITH CLISTE AR AN IDIRLÍON

CHOÍCHE
Ná tabhair do phasfhocal do dhuine ar bith.
Ná tabhair d'uimhir ghutháin do dhuine ar bith.
Ná tabhair do sheoladh baile do dhuine ar bith.
Ná tabhair ainm do scoile do dhuine ar bith.
Ná cuir grianghraf pearsanta chuig duine ar bith.
Ná tabhair sonraí bainc ná sonraí chumann foirgníochta ar an Idirlíon, muna bhfaighe tú cead ó do thuismitheoir nó ó do chaomhnóir.
Ná déan socrú bualadh le duine ar bith a casadh ort tríd an Idirlíon. Is féidir le daoine iad féin a chur in iúl mar dhuine ar bith nó mar rud ar bith ar an Idirlíon.

Má fheiceann tú nó má léann tú rud ar bith a chuireann coiscriú fút nó imní ort agus tú ar líne, cuir in iúl do do thuismitheoir nó do do chaomhnóir é. Inis do bhall foirne fosta é, le do thoil.

LEIDEANNA R-PHOIST

Nuair atá tú ag clárú do chuntas r-phoist, ná tabhair cead do sheoladh r-phoist a chur in eolaire r-phoist.
Ná cláraigh do nuachtlitreacha r-phoist.
NÁ OSCAIL r-phoist ó dhaoine nach bhfuil aithne agat orthu. Scrios sa bhomaite iad.
Ligeann bunús na soláthraithe r-phoist duit liosta a dhéanamh de dhaoine a nglacfaidh tú le r-phoist uathu. Bain úsáid as seo, le do thoil – gearrfaidh sé anuas ar chuid mhór r-phost gan iarraidh.
Inis do do thuismitheoir/chaomhnóir agus d'fhoireann na leabharlainne má fhaigheann tú rud ar bith a chuireann isteach ort.

Cé gur foinse iontach eolais an tIdirlíon, ba chóir duit a bheith faichilleach le gach eolas a fhaigheann tú ar an Idirlíon. Is féidir nach mbeidh sé cruinn. Níl an tSeirbhís Leabharlainne freagrach, agus ní féidir a coinneáil freagrach, as cruinneas agus as údaracht eolais a fhaightear ar an Idirlíon.

Má tá roinnt ráiteas le déanamh agat faoinár seirbhís, is féidir leat foirm ráiteas, ata ar fáil i ngach leabharlann, a chomhlánú nó teagmháil a dhéanamh linn mar a leanas:

Bord	**Guthán**	**R-phost**	**Facs**	**Téacsfón nó Clóchaint**
BOLBF	028 9050 9150	info.belb@ni-libraries.net	028 9033 2819	028 9050 9247 1800102890564000
BOLOT	028 2566 4100	info.neelb@ni-libraries.net	028 2563 2038	028 2566 2404
BOLOD	028 9756 6400	info.seelb@ni-libraries.net	028 9756 5072	1800102890566200
BOLD	028 3752 5353	info.selb@ni-libraries.net	028 3752 6879	028 3752 2558
BOLI	028 8224 4821	info.welb@ni-libraries.net	028 8224 6716	

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoi do pháiste a chosaint ag:

Fondúireacht Fhaire an Idirlín	www.iwf.org.uk
Sábháilteacht ar an tSár-mhórbhealach	http:/safety.ngfl.gov.uk
ÚSSI (úsáid níos sábháilte seirbhísí ar an Idirlíon)	www.besafeonline.org
Bí Cliste ar an Idirlíon	www.getnetwise.org
Síleann Tú Go bhFuil a Fhios Agat (do dhéagóirí)	www.thinkuknow.co.uk/
Tuismitheoirí Ar Líne	www.parentsonline.gov.uk
Contúirt i gComhrá	www.chatdanger.com
Páistí agus an tIdirlíon	www.childnet-int.org

TREOIRLÍNTE DO THUISMITHEOIRÍ NÓ DO CHAOMHNÓIRÍ

Ní féidir le páistí úsáid a bhaint as an Idirlíon agus as áiseanna r-phoist ar ríomhairí leabharlainne ach le do chead. Ní féidir le páistí faoi 8 mbliana úsáid a bhaint as an Idirlíon muna bhfuil tuismitheoir nó caomhnóir ina gcuideachta. Beidh agat le foirm chomhthoilithe a shíniú. Cé go bhfuilimid ag baint úsáide as bogearraí scagtha do pháistí, ní thig linn dul i mbannaí go mbeidh sé go hiomlán doloicthe. Beidh an fhoireann faireach ach go hidéalach molaimid:

- Go mbíonn tú i gcuideachta do pháiste le linn seisiúin ar an Idirlíon.
- Go labhraíonn tú le do pháiste fán riachtanas le bheith cúramach ar an Idirlíon.
- Go bhfaigheann tú eolas ar an chineál suíomh a dtugann do pháistí cuairt orthu.
- Go gcloíonn siad lenár moltaí i dtaca le bheith cliste ar an Idirlíon de.
- Go spreagann tú iad le húsáid a bhaint as na suímh atá tofa ag an leabharlann.
- Go gcuimhníonn tú gur féidir nach bhfuil eolas a fhaightear ar an Idirlíon cruinn. Gur chóir duit a bheith faichilleach le gach eolas a fhaightear ar an Idirlíon.
- Go dtugann tú tuairisc don fhoireann ar shuímh ar bith atá míthaitneamhach duit féin nó do do pháiste.
- Go gcinntíonn tú nach n-éilíonn do pháiste gur duine fásta é agus é ag baint úsáide as an Idirlíon.
- Go mbíonn a fhios agat cad iad na naisc r-phoist atá siad a dhéanamh.
- Go dtugann tú comhairle do do pháiste gan a sheoladh r-phoist a scaipeadh ach orthu siúd a bhfuil aithne mhaith aige orthu.
- Go dtugann tú comhairle do do pháiste gan r-phost a oscailt ó dhuine nach n-aithníonn sé.
- Nach dtugann tú cead do do pháistí choíche eolas aitheantais a thabhairt amach m.sh. seoladh baile, uimhir ghutháin, scoil ná grianghraf.
- Nach dtugann tú cead do do pháiste choíche castáil ar “chara Idirlín” muna bhfuil tú féin i láthair.